C/2024/7537

20.12.2024

CINNEADH Ó BHIÚRÓ PHARLAIMINT NA HEORPA

an 16 Nollaig 2024

lena leasaítear Bearta Cur Chun Feidhme do Reacht Fheisirí Pharlaimint na hEorpa

(C/2024/7537)

TÁ BIÚRÓ PHARLAIMINT NA hEORPA,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 223(2) de,

ag féachaint do Reacht Fheisirí Pharlaimint na hEorpa ([1]),

ag féachaint do Riail 25 de Rialacha Nós Imeachta Pharlaimint na hEorpa,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 73(2) de Bhearta Cur Chun Feidhme le haghaidh Reacht Fheisirí Pharlaimint na hEorpa ([2]) ('na Bearta Cur Chun Feidhme'), beidh uasmhéid na gcostas cúnaimh pharlaimintigh is iníoctha i leith na foirne pearsanta dá dtagraítear in Airteagal 29(4) díobh, i gcás inarb iomchuí, le hinnéacsnascadh go bliantúil ag an mBiúró ar bhonn an Innéacs Chomhpháirtigh arna bhunú ag Eurostat chun an t-athrú ar an gcostas maireachtála d'oifigigh AE a thomhas de bhun Airteagal 65 de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh, agus i gcomhréir le hIarscríbhinn XI a ghabhann leo, a leagtar síos i Rialachán (CEE, Euratom, CEGC) Uimh. 259/68 ([3]) ón gComhairle ('Rialacháin Foirne').

(2) Is gnách gurb é an Biúró a chinneann an t-innéacsnascadh sin i mí na Nollag, agus go dtagann sé i bhfeidhm go haisghníomhach amhail ó mhí Iúil na bliana i dtrácht. Mar sin féin, ós rud é gur socraíodh an tInnéacs Comhpháirteach arna bhunú ag Eurostat don tréimhse ón 1 Iúil 2023 go dtí an 1 Eanáir 2024 ag 103,0 (+ 3,0 %), agus dá bhrí sin go raibh sé cothrom leis an tairseach de 3 % arna bunú leis na Rialacháin Foirne chun nuashonrú idirmheánach a spreagadh sa luach saothair, bhí gá le nuashonrú idirmheánach ar speansais cúnaimh pharlaimintigh.

(3) Dá réir sin, ag an gcruinniú a bhí aige an 24 Meitheamh 2024, chinn an Biúró, i bhfianaise an ráta coigeartaithe 3,0 % arna shocrú ag an gCoimisiún don chéad leath de 2024, an t-uasmhéid míosúil iníoctha i leith speansais cúnaimh pharlaimintigh a mhéadú go EUR 29 557, le héifeacht ón 1 Eanáir 2024.

(4) Don dara leath de 2024, tá an ráta coigeartaithe is infheidhme socraithe ag an gCoimisiún ag 4,1 %. Ba cheart, dá bhrí sin, an t-uasmhéid míosúil is iníoctha i leith speansais um chúnamh parlaiminteach a mhéadú go EUR 30 769 le héifeacht ón 1 Iúil 2024 agus ba cheart na Bearta Cur Chun Feidhme a leasú dá réir.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

In Airteagal 29 de na Bearta Cur Chun Feidhme, leasaítear mír 4 mar a leanas:

'4. Is é EUR 30 769 an t-uasmhéid míosúil is iníoctha i leith na foirne pearsanta uile dá dtagraítear in Airteagal 30 le héifeacht ón 1 Iúil 2024.'

([1]) Cinneadh 2005/684/CE, Euratom ó Pharlaimint na hEorpa an 28 Meán Fómhair 2005 lena nglactar Reacht Fheisirí Pharlaimint na hEorpa (IO L 262, 7.10.2005, lch. 1, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/dec/2005/684/oj?eliuri=eli%3Adec%3A2005%3A684%3Aoj&locale=ga).

([2]) Cinneadh ón mBiúró an 11 Meán Fómhair 2023 maidir le Bearta Cur Chun Feidhme do Reacht Fheisirí Pharlaimint na hEorpa agus lena n-aisghairtear Cinneadh ón mBiúró an 19 Bealtaine agus an 9 Iúil 2008 (IO C, C/2024/2814, 26.4.2024, ELI: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX:32024D02814).

([3]) IO L 56, 4.3.1968, lch. 1.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag an gCinneadh seo ón 1 Iúil 2024.